Timpeall an Domhain

Ceist 1 Beidh tú ag féachaint ar ball ar thrí mhír nuachta faoi eachtraí atá ag tarlú timpeall an domhain. Sula bhféachann tú ar an tuairisc pléigh na ceisteanna seo leis an duine in aice leat nó le do ghrúpa:

An bhfuil suim agat i gcúrsaí polaitíochta na tíre seo nó i dtíorthaí eile?
An raibh tú ariamh sa Tuirc? Cad é atá ar eolas agat faoin tír sin?
Cad é an t-eolas atá agat faoi ghobhanóir Chalifornia, Arnold Schwarzenegger?

Ceist 2 Anois féach ar an tuairisc agus déan iarracht an leagan Gaeilge de na focail seo thíos a aimsiú inti. Ansin cuir do chuid freagraí i gcomparáid le cinn an duine in aice leat.

An bhfuil mórán díobh ar eolas agat sula bhféachann tú ar an tuairisc?

1. celebration _____
2. opposition party _____
3. leader _____
4. in succession to _____
5. decided _____
6. tension _____
7. Minister for Foreign Affairs _____
8. southeast _____
9. state of emergency _____
10. spreading _____
11. the scorching _____
12. danger _____

Ceist 3 Cén fáth a luaitear na daoine/dreamanna seo a leanas?

Donald Tusk na Polainne
PKK na Tuirce
Arnold Schwarzenegger Chalifornia

Ceist 4 Anois le dul siar ar an mhéid a chuala tú, an féidir leat na bearnaí sa téacs seo thíos a líonadh? Roghnaigh na focail oiriúnacha as an bhosca thíos.

Tá sé _____ ag Donald Tusk athruithe a dhéanamh ar an _____ sa tír, caidreamh níos fearr a bhunú idir an Pholainn agus an tAontas Eorpach. Freisin, gheall sé go dtarraigneofaí saighdiúirí de chuid na Polainne amach as an Iaráic.

Ach, _____ Aire Gnóthaí Eachtracha na tíre go ndéanfar chuile iarracht an scéal a _____ ar bhealach síochánta.

Tá tinte foraoiseacha _____ go tréan agus tá breis is seacht gcéad oibrí dóiteáin ag dul i ngleic leis an _____.

	réiteach	ag scaipeadh
tionscal gnó		
	loscadh	dhearbhaigh
beartaithe		

Ceist 5 Féach ar na focail thíos atá le cloisteáil sa tuairisc. An bhfuil siad firinscneach nó baininscneach? Cad é an fhianaise atá agat?

- an t-olltoghchán
- An tAire
- An tAontas Eorpach
- an t-oibrí
- an t-acar (acra)

Ceist 6 Bí ag obair leis an duine in aice leat anois. Roghnaígí mír an duine le hachoimre den mhír a scríobh. Léigh amach bhur n-achoimrí dá chéile.

Treoracha agus Freagraí

Ceist 1

Tá an plé seo le déanamh sula seinntear an tuairisc.

Ceist 2

Is féidir iarraidh ar na mic léinn triail a bhaint as na focail ar dtús sula bhfeiceann siad an tuairisc agus ansin arís agus an tuairisc ar siúl.

celebration	**ceiliúradh**
opposition party	**páirtí an fhreasúra**
leader	**ceannaire**
in succession to	**i gcomharba ar**
decided	**beartaithe**
tension	**teannas**
Minister for Foreign Affairs	**Aire Gnóthaí Eachtracha**
southeast	**oirdheisceart**
state of emergency	**staid éigeandála**
spreading	**ag scaipeadh**
the scorching	**an loscadh**
danger	**contuirt**

Ceist 3

Donald Tusk na Polainne:
Is é ceannaire an Civic Platform Donald Tusk a a thiocfaidh i gcomharba ar phríomh-aire na tíre Kaczynski. Tá sé beartaithe ag Donald Tusk athruithe a dhéanamh ar an tionscal gnó sa tír, caidreamh níos fearr a bhunú idir an Pholainn agus an tAontas Eorpach. Freisin, gheall sé go dtarraigneofaí saighdiúirí de chuid na Polainne amach as an Iaráic.

PKK na Tuirce:
Mharaigh reibiliúnaigh PKK dhá shaighdiúr déag de chuid na Tuirce in oirdheisceart na tíre inné agus tá ochtar saighdiúirí* eile fós ar iarraidh.

Arnold Schwarzenegger Chaliforna:
Agus ar deireadh tá staid éigeandála fógraithe ag gobharnóir Chalifornia, Arnold Schwarzenegger sa stát mar tá tinte foraoiseacha ag scaipeadh go tréan ar fud an stáit.

Ceist 4

Tá sé beartaithe ag Donald Tusk athruithe a dhéanamh ar an tionscal gnó sa tír, caidreamh níos fearr a bhunú idir an Pholainn agus an tAontas Eorpach. Freisin, gheall sé go dtarraigneofaí saighdiúirí de chuid na Polainne amach as an Iaraic.

Ach, dhearbhaigh Aire Gnóthaí Eachtracha na tíre go ndéanfar chuile iarracht an scéal a réiteach ar bhealach síochánta.

Tá tinte foraoiseacha ag scaipeadh go tréan agus tá breis is seacht gcéad oibrí dóiteáin ag dul i ngleic leis an loscadh.

Ceist 5

Tá na focail firinscneach. Cuirtear ***t*** roimh ghuta ar ainmfhocail fhirinscneacha a thosaíonn le guta.

Ceist 6

Achoimre an-ghinearálta atá i gceist anseo. Is é an príomhrud ná go mbeadh siad in ann an foclóir nua a thuiscint agus a úsáid.

Éimear Ní Chonaola
Thar lear anois agus caithfidh muid súil ar chuid de scéalta idirnáisiúnta an lae. Timpeall na cruinne.

Mír 1 - An Pholainn
Ceiliúradh sa bPolainn agus is é ionann is cinnte go mbeidh an bua ag páirtí an fhreasúra, An Civic Platform san olltoghchán a bhí ar bun ansin inné. Is é ceannaire an Civic Platform Donald Tusc a thiocfaidh i gcomharba ar phríomh-aire na tíre Kaczynski. Tá sé beartaithe ag Donald Tusk athruithe a dhéanamh ar an tionscal gnó sa tír, caidreamh níos fearr a bhunú idir an Pholainn agus an tAontas Eorpach. Freisin, gheall sé go dtarraigneofaí saighdiúirí de chuid na Polainne amach as an Iaráic.

Mír 2 - An Tuirc
Tá an teannas ag éirí níos measa sa Tuirc, agus na mílte duine bailithe le chéile sa phríomhchathair Ankara, mar gur mharaigh reibiliúnaigh PKK dhá shaighdiúr déag de chuid na Tuirce in oirdheisceart na tíre inné agus tá ochtar saighdiúirí* eile fós ar iarraidh. Ach, dhearbhaigh Aire Gnóthaí Eachtracha na tíre go ndéanfar chuile iarracht an scéal a réiteach ar bhealach síochánta.

Mír 3 - Na Stáit Aontaithe
Agus ar deireadh tá staid éigeandála fógraithe ag gobharnóir Chalifornia, Arnold Schwarzenegger sa stát. Tá tinte foraoiseacha ag scaipeadh go tréan agus tá breis is seacht gcéad oibrí dóiteáin ag dul i ngleic leis an loscadh. Tá duine amháin marbh go dtí seo agus tá na mílte acar idir Santa Barbara agus San Diego dóite. B'éigean do na mílte duine bogadh óna gcuid tithe mar gheall ar an gcontúirt.

* *ocht saighdiúir* a deirtear